Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9254/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0034 (NLE)**

**RECH 237**
**COMPET 404**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027<br>– Glacadh |

1. An 28 Feabhra 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027[1].

2. Is doiciméad lárnach é an dara clár oibre beartais don Limistéar Eorpach Taighde (LET) chun LET a chur chun cinn, ina leagtar amach treochlár do 11 bheartas struchtúracha LET agus 8 ngníomhaíocht LET, atá deonach do na Ballstáit, lena gcomhordaítear na hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir le taighde agus nuálaíocht.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 14 agus an 27 Márta, an 14 Aibreán agus an 5 Bealtaine 2025. Bunaithe ar ionchur na dtoscaireachtaí, ullmhaíodh trí théacs Uachtaránachta athbhreithnithe.

4. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an dréacht deiridh tar éis nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta a tugadh i gcrích an 6 Bealtaine 2025.

[1] 6693/25 agus 6693/25 ADD1.

5. An 14 Bealtaine 2025, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air ar an leibhéal teicniúil.

6. An 23 Bealtaine 2025, tháinig an Chomhairle (Iomaíochas/Taighde) ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dréachtmholadh ón gComhairle[2], agus ina dhiaidh sin thug na toscaireachtaí aiseolas teanga agus coigeartaíodh na leaganacha teanga éagsúla den dréacht.

7. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an comhaontú maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027, tar éis an choigeartaithe teanga, mar a leagtar amach in 9236/25 é, a dhearbhú, agus

   (b) a mholadh don Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027 a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 24 Meitheamh 2025 mar mhír 'A', agus cinneadh a dhéanamh maidir le foilsiú an Mholta ón gComhairle ina dhiaidh sin maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] 8469/25 + 8469/25 ADD1.